| Ríomheolaíocht | **Meitheal Forbartha – Cruinniú 4, an 10 Nollaig 2024.**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin. Rinne baill na Meithle Forbartha plé ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar gach snáithe ar mhaithe le soiléireacht a bheachtú agus ailíniú a bhaint amach leis an réasúnaíocht agus na haidhmeanna. |
| **Scrúdú a dhéanamh ar thascanna foghlama feidhmí i sonraíocht nuashonraithe.** | Rinne an mheitheal forbartha moltaí lena chinntiú go mbeadh na tascanna foghlama feidhmí ailínithe leis na hathruithe a rinneadh ar Shnáithe 1 agus Snáithe 2. Bhí na moltaí sin dírithe ar Shnáithe 3 a chur chun feabhais, soiléireacht chuspóir na dtascanna foghlama feidhmí a chinntiú agus inbhainistitheacht an chúrsa a chur chun feabhais. Tá tascanna foghlama feidhmí 2 agus 3 le cumasc le go ndéanfaidh an MF plé orthu. |
| **Teagasc le haghaidh Fhoghlaim an Scoláire** | Rinne an mheitheal plé ar an téacs teagaisc agus foghlama ón tsonraíocht roimhe seo. Ní mór an téacs a chasadh i dtreo an teagaisc agus na mbuanna a bhaineann le hoideolaíochtaí éagsúla ar mhaithe le foghlaim an scoláire. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirteachas gníomhach sa chruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus déanfaidh siad nóta léitheoireachta a ullmhú agus ábhair a dhréachtú don chéad chruinniú eile.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** an 13 Eanáir 2025 |